

Réamhráiteas

Cuireadh an polasaí seo le chéile i rith na scoilbliana 2012-2013. Bhí an fhoireann múinteoireachta go léir páirteach ann

Réasúnaíocht

Bhí gá le beartas nua a chur le chéile chun

- Cloí le riachtanais dhleathacha agus chun Imlitir 11/95 a chomhlíonadh

Aidhmeanna/Cuspóirí

- Chun am-chlárú éifeachtach a sholáthar
- Chun a chinntiú go bhfuil struchtúr curtha ar an lá scoile
- Chun sábháilteacht a chinntiú ag am glacadh agus ag am scaoileadh

Gaolmhaireacht le hÉiteas na Scoile

Tá cothú thimpeallacht foghlamtha sábháilte, spreagúil agus struchtúrtha lárnach i ráiteas misin na scoile agus cuireann an beartas seo go mór leis na hidéil sin.

An Lá Scoile

8.40 r.n.	-	Oscailt
10.50 r.n. - 11.00 r.n.	-	Sos na Maidine
12.40 i.n. - 1.00 i.n.	-	Am Lóin
1.20 i.n.	-	Scaoiltear na Naíonáin
2.20 i.n.	-	Scaoiltear Ranganna 1-6

Róil agus Freagrachtaí

Tá ionchur ag gach ball foirne ón bPríomhoide síos i gcomhordú agus i gcur i bhfeidhm an bheartais. Déanann múinteoirí maoirseacht ar dhaltaí a ghlacadh ar maidin agus ar iad a scaoileadh faoi striúir sa tráthnóna. Níl an scoil freagrach as daltaí nach bhfuil bailithe ag 2.20. Tá an scoil freagrach as daltaí ó 8.30 go dtí 2.30 gach lá. Mura bhfuil dalta bailithe ag 2.20 fanann an dalta leis an bPríomhoide. Cuirtear fios ar thuismitheoirí/feighlí an dalta. Fanann an dalta leis an bPríomhoide go dtí go dtagann duine chun an dalta a bhailiú.

Ról na dTuismitheoirí

Cabhraíonn tuismitheoirí leis an scoil an polasaí seo a chur i bhfeidhm tríd :

- Páirceáil go sábháilte
- Daltaí níos óige – Naíonáin agus Rang a hAon – a bhailiú ag doras an seomra ranga
- A chinntiú nach bhfágfar daltaí ag an scoil ró luath nó ródhéanach ar maidin.
- Gan páirceáil i gcarrchlós fhoireann na scoile
- Gan a bheith ar láthair na scoile roimh am dul abhaile
- Dul chuig oifig an rúnaí chun dalta a shíniú amach
- Eolas a thabhairt i scríbhinn roimh ré don mhúinteoir má tá dalta chun an scoil a fhágáil luath.

Ról na nDaltaí

- Ag teacht agus ag imeacht ón scoil go sábháilte agus go múinte.
- Ag seasamh sna línte go múinte gach lá.
- Gan dul go dtí an bus go dtí go mbíonn an bus scoile ina stad.

Ról Fhoireann na Scoile

- Maoirseacht ar nósanna imeachta maidir le glacadh le daltaí agus iad a scaoileadh
- Ag cinntiú go bhfuil nósanna imeachta sábháilteachta á gcur i bhfeidhm.
- Ag cur tuismitheoirí ar an eolas faoi amanna oscailte agus dúnadh na scoile.

Teacht

Osclaíonn an scoil chun glacadh le daltaí ag 8.30 ar maidin. Déantar maoirseacht ar dhaltaí a thagann ar an mbus ó 8.15 go dtí 8.30 sa halla. Níl an scoil freagrach as daltaí atá ar shuíomh na scoile roimh 8.30. Aon mhaoirseacht atá ar siúl roimh am oscailte oifigiúil na scoile déantar é gan dochar agus gan glacadh le dliteanais i gcás timpiste.

Bíonn maoirseacht ar siúl roimh am scoile sa halla ó 8.30. Bíonn daltaí na scoile seasta go múinte i línte.

Nuair a bhuaileann clog na scoile ag 8.40, bailíonn an múinteoir ranga an rang. Iarrtar ar thuismitheoirí nó feighlí gan siúl isteach leis an bpáiste ag 8.40. Siúlann na páistí isteach go dtí an seomra ranga i mbealach ordúil. Bíonn an cleachtas céanna i bhfeidhm ag am sosa agus ag am lóin.

I gcás páistí a thaistealaíonn ar bhus scoile, ní ghlacann an scoil freagracht as iad a thionlacan idir an scoil agus an bus. Ní mór do thuismitheoirí a chreideann gur gá a bpáistí a thionlacan socruithe cuí a dhéanamh.

Scaoileadh

Scaoiltear ranganna ag 2.20 ach amháin ranganna Naíonán a scaoiltear ag 1.20. Ag am scaoileadh tá gach múinteoir freagrach as ucht an rang a scaoileadh i mbealach ordúil. Ní scaoiltear le daltaí ó Ranganna Naíonán go Rang a hAon go dtí go dtagann tuismitheoir nó feighlí chun daltaí a bhailiú.

Má tá páistí á mbailiú ag feighlí ba cheart do thuismitheoirí a chinntiú go mbíonn an duine ainmnithe sin ag geata na scoile ag 2.20. Tá an scoil fhreagrach as daltaí na scoile ó 8.30 go dtí 2.30.

Má tá dalta ag rothaíocht ar scoil níl cead dul in airde ar an rothar laistigh de gheata na scoile. Tá sé seo tábhachtach go háirithe nuair a scaoiltear daltaí na scoile ag 2.20.

Ba cheart do dhaltaí na scoile teacht isteach tríd príomhdhoras na scoile. Scaoiltear amach ranganna ar thaobh an chlóis trí na doirse ar thaobh na scoile. Nuair atá na doirse seo oscailte ba cheart go mbeadh siad ceangailte leis na crúcaí.

Iarrtar ar thuismitheoirí gan a bheith ar shuíomh na scoile i rith am scoile. Iarrtar ar thuismitheoirí a bheith ar an suíomh ag am scaoileadh. Ba cheart go mbeadh paistí óga faoi chúram an tuismitheora /feighlí a fhad is atá siad ar shuíomh na scoile.

Má tá tuismitheoir nó feighlí ag bailiú dalta i rith am scoile ba cheart go mbeadh réamhfhógra i scríbhinn faighte ag an múinteoir ranga. Má tá tuismitheoir nó feighlí ag bailiú dalta i rith am scoile ba cheart don duine sin dul go dtí an oifig chun an dalta a shíniú amach.

Critéir Rathúlachta

- Aischothú dearfach ó phobal na scoile.
- Monatóireacht rialta agus measúnacht ar nósanna imeachta.
- Comhairliúchán rialta
- Athbhreithniú ag deireadh na scoilbliana

Feidhmiú

Tá an beartas seo curtha i bhfeidhm ag Bord Bainistíochta na scoile ó Bhealtaine 2013.

Athbhreithniú

Cruthaithe:	
Athbhreithniú déanta:	Eanáir 2015
Athbhreithniú le déanamh:	Eanáir 2019